

Eleathanach236

Dé Luain 30 Bealtaine 2016

Britain's Got Talent (BGT)

Tá *BGT* críochnaithe anois don bhliain. Bhí na cláir bheo ar siúl an tseachtain seo caite agus an babhta ceannais ag an deireadh seachtaine.

Bhí an cór ó *Mheánscoil na Toirbhirte* i gCill Chainnigh ar an gclár Déardaoin. Chan siad an t-amhrán *Ave Maria*. Thaitin an t-amhrán go mór leis an lucht éisteachta agus leis na moltóirí.

Ní bhfuair an cór go leor vótaí áfach, mar sin, ní raibh siad sa bhabhta ceannais. Ba rud iontach é ar aon nós bheith sna cláir bheo.

Dé Sathairn bhí an babhta ceannais ar siúl. Bhuaigh an draíodóir, Richard Jones. Bhí Wayne Woodward, an t-amhránaí, sa dara háit agus na damhsóirí *Boogie Storm* sa tríú háit.



Comórtas Amhránaíochta Junior Eurovision 2016

Ghlac Éire páirt i gComórtas Amhránaíochta *Junior Eurovision* den chéad uair in 2015. Chan Aimee Banks, ó Cho. na Gaillimhe, an t-amhrán *Réalta na Mara*. Chum sí an t-amhrán í féin.

Tá iomaitheoirí á lorg do Chomórtas Amhránaíochta *Junior Eurovision* 2016 faoi láthair. Glacfaidh an buaiteoir páirt sa chomórtas i Málta i mí na Samhna.

Ní mór d'iomaitheoirí bheith idir 9 mbliana d'aois agus 14 bliana d'aois. Is féidir le duine aonair nó grúpaí le seisear ar a mhéid iarratas a líonadh. Beidh na trialacha ar siúl ar fud na tíre an mhí seo chugainn.

Tá gach eolas faoin gcomórtas seo ar shuíomh TG4: <http://www.tg4.ie/ga/clair/junior-eurovision/>



Comórtas Rugbaí Pro 12

Bhí an cluiche ceannais den chomórtas *Pro 12* ar siúl in Albain ag an deireadh seachtaine. Bhí dhá fhoireann Éireannacha ag glacadh páirte ann, Cúige Chonnacht agus Cúige Laighean.

Cheap daoine go mbeadh an bua ag Cúige Laighean, ach ar an lá bhí Cúige Chonnacht i bhfad níos fearr. Ag leath ama bhí Cúige Chonnacht chun tosaigh leis an scór 15-3.

D'éirigh le Cúige Laighean cúpla scór a fháil sa dara leath ar aon nós, ach chríochnaigh an cluiche leis an scór 20-10.

Bhí áthas an domhain ar na himreoirí ó Chúige Chonnacht agus ar a lucht leanúna. Níor bhuaigh siad an comórtas seo riamh roimhe. Bhí an bainisteoir, Pat Lam, an-sásta freisin.

Bhí slua ollmhór ag fanacht leis an bhfoireann i nGaillimh nuair a tháinig siad abhaile leis an gcorn.

